# An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

## Tuarascáil Bhliantúil 2010

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i gcúram práinne réamhospidéal in Éirinn.

# Tuarascáil Bhliantúil 2010

## Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Ráiteas Misin | 4 |
| Feidhmeanna na Comhairle | 4 |
| Plean Straitéiseach 2011-14 | 4 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 5 |
| Ballraíocht na Comhairle | 6 |
| Coistí na Comhairle | 7 |
| Ráiteas an Stiúrthóra | 13 |
| Foireann agus Cairt Eagraíochta | 15 |
| Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2010 | 16 |
| Ráitis Airgeadais don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2010 | 17 |
| *Comhdhéanamh na Comhairle agus Faisnéis Eile* | *18* |
| *Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle* | *19* |
| *Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais* | *19* |
| *Príomhphróisis Rialaithe* | *20* |
| *Réamhrá* | *21* |
| *Gnóthas Leantach mar Bhonn Cuntasaíochta* | *21* |
| *Feidhmeanna na Comhairle* | *20* |
| *Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta* | *22* |
| *Cuntas Ioncaim agus Caiteachais* | *23* |
| *Cuntas Comhardaithe* | *23* |
| *Nótaí ar na Ráitis Airgeadais* | *25* |




Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i gcúram práinne réamhospidéal in Éirinn.

# Réamhrá

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i gcúram práinne réamhospidéal in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle mar chomhlacht corparáideach le hIonstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000 (Ordú Bunaithe) a leasaíodh le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 (Ordú Leasaithe). Déanadh na hOrduithe seo faoi Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe) 1961 a leasaíodh agus a tugadh faoi reachtaíocht phríomha le hAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007.

Tháinig ann don Chomhairle Comhairleach Náisiúnta Otharcharr (CCNO), a bhunaigh an tAire Sláinte i mBealtaine 1998 in ionad an CCPRO.

# Ráiteas Misin

Déanann an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil an pobal a chosaint trí shonrú, athbhreithniú agus cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin feabhais maidir le soláthar cúraim práinne réamhospidéil do mhuintir na hÉireann.

# Feidhmeanna na Comhairle

Is iad príomhfheidhmeanna an CCPRO ná:

- *A chinntiú go dtagann institiúidí oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i gCéad Fhreagairt agus i dTeicneolaíocht Mhíochaine Práinne le dea-chleachtas reatha.*
- *A chinntiú go mbaineann Freagróirí agus Cleachtóirí cúraim phráinne réamhospidéil amach agus go gcoimeádann siad a n-inniúlacht ag an gcaighdeán cuí feidhmíochta*
- *Urraíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar fheidhmiú na dtreoirlínte dea-chleachtais i gcúram práinne réamh-ospidéil*
- *Taighde iomchuí a aimsiú, a chur chun cinn agus urraíocht a dhéanamh uirthi le treoir a thabhairt don Chomhairle maidir le cúram réamhospidéil in Éirinn.*
- *Caighdeáin eile cúraim práinne réamh-ospidéil a mholadh de réir mar is cuí*
- *Clár chleachtóirí um chúram práinne réamh-ospidéil a bhunú agus a choimeád*
- *Atheagrú a dhéanamh ar na soláthróirí cúraim phráinne réamh-ospidéil sin a thugann faoi na treoirlínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm.*



# Plean Straitéiseach 2011-14

I ndiaidh an tsoiléirithe a fuarthas i Nollaig 2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí maidir leis an riocht ina bhfuilimid (féach lch 2) vis-à-vis an chomhchuimsithe atá ar intinn dúinn, déanfaimid ár gcéad Phlean Straitéiseach eile don tréimhse 2011-14 a fhoilsiú sna míonna atá romhainn. Nascann an plean straitéiseach an ráiteas misin le feidhmeanna, rialachas agus cuspóirí tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tugtar mionsonraí ar na spriocanna sonracha a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Tugann an plean straitéiseach treoir agus fócas soiléir agus tá sé ar fáil ar ár leathanach foilseachán, www.phecc.ie.

# Ráiteas an Chathaoirligh


*Mr Tom Mooney, Chair*

Meabhraítear dúinn gur fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, T.D., mórchlár cuíchóirithe gníomhaireachta don earnáil sláinte i nDeireadh Fómhair 2008. Mar chuid den phlean seo, bhí sé i gceist go ndéanfaí comhtháthú iomlán ar CCPRO leis an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CGSCS) faoi 2011.

Tar éis tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na ceisteanna idir lámha, dúirt an Roinn Sláinte agus Leanaí, i gcomhfhreagras liom féin mar Chathaoirleach na Comhairle, go raibh 'cinneadh déanta go leanfadh an CCPRO ag feidhmiú faoi mar atá go ceann tréimhse eile.' I bhfianaise na dtiomantas eile a bhfuil an GCSCS ina mbun ceapann an tAire 'gurb é an cur chuige is fearr ná go ndéanfaí athbhreithniú ar an scéal [comhtháthú] arís i gceann trí bliana d'fhonn go n-ullmhófaí an reachtaíocht iomchuí leis an CCPRO a chomhtháthú leis an GCSCS ina dhiaidh sin.'

Cuirim fáilte roimh an soiléiriú seo, thar ceann na Comhairle, agus táim ag tnúth le pleanáil a dhéanamh ar sholáthar leanúnach ar sheirbhís treorach agus rialacháin maidir le cúram práinne réamh-ospidéil ardchaighdeáin don phobal agus do chleachtóirí araon.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leis an gComhairle, le baill choiste an CCPRO, le foireann an CCPRO, leis na Cláruithe agus leo sin go léir atá i mbun feabhais a chur ar chaighdeáin um chúram práinne réamh-ospidéil ar fud na tíre, as ucht ar chuir sibh leis agus as bhur gcomhoibriú leanúnach.

Táimid ag tnúth le trí bliana eile ag obair i dteannta a chéile.



**Tom Mooney, Cathaoirleach**

**Mí na Nollaig, 2010**

# Ballraíocht na Comhairle

## Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2010

D'éirigh Mr Frank Mc Clintock as in Aibreán 2010

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2010

| | |
|---|---|
| Mr Tom Mooney | Cathaoirleach |
| Ms Valerie Small | Leaschathaoirleach |
| Mr Frank O'Malley | Oibrí Paraimhíochaine, FSS |
| | Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil |
| Mr Cathal O'Donnell | Liachleachtóir |
| | Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Míochaine* |
| Mr Michael Garry | Comhairleoir Bainistíochta Coiste Creidiúnaithe |
| | Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil |
| Mr Tom Tinnelly | Paraimhíochaineoir |
| Mr Michael Dineen | Paraimhíochaineoir |
| Mr Gerry Tuohy | Paraimhíochaineoir |
| Ms Patricia FitzPatrick | Ionadaí Aitheanta Institiúide |
| Mr Macartan Hughes | Ionadaí Aitheanta Institiúide |
| Folúntas | FSS |
| Mr Barry O'Brien | FSS |
| Ms Karen Healy | FSS |
| An Dr Conor Egleston | Liachleachtóir |
| An Dr Zelie Gaffney | Liachleachtóir |
| Ms Mary McClelland | Comhairleoir Sláinte Cheirde |
| Mr Michael Brennan | Ionadaí Tomhaltóra (Fócas Othair) |

* D'éirigh Mr Cathal O' Donnell as a bheith ina chathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach Míochaine i mí na Nollag 2010.

# Coistí na Comhairle

Tugann Coistí agus Grúpaí Oibre Seasta na Comhairle cúnamh agus comhairle di maidir le comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

## Coiste Cúraim Chliniciúil

### Téarmaí tagartha

*Plé a dhéanamh ar agus comhairle a thabhairt maidir le g(h)néithe feidhmíochta um chúram cliniciúil le plé/atá á bplé ag an nGrúpa Comhairleach Míochaine (MAG), an Coiste agus Comhairle Creidiúnúcháin.*

### Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2010

Ní raibh aon athrú ar bhallraíocht an Choiste Cúraim Chliniciúil i rith 2010.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2010

| | |
|---|---|
| Mr Frank O'Malley | Cathaoirleach, Ball den Chomhairle |
| Mr Tom Mooney | Cathaoirleach, an Chomhairle |
| Ms Valerie Small | Leaschathaoirleach, an Chomhairle |
| Mr Cathal O'Donnell | Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Míochaine * |
| Mr Michael Garry | Cathaoirleach, Coiste Creidiúnaithe |
| Mr Tom Tinnelly | Paraimhíochaineoir |
| Mr Michael Dineen | Paraimhíochaineoir |
| Mr Terence Moran | Ionadaí Tomhaltóra (Fócas Othair) |
| Ms Brigid Sinnott | Foras Croí na hÉireann |
| Ms Mary McClelland | Ball den Chomhairle |
| Mr Shay Power | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath |
| Mr Pat Grant | An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna FSS |



* D'éirigh Mr Cathal O' Donnell as a bheith ina Chathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach Míochaine i mí na Nollag 2010.

## Coiste Creidiúnaithe

### Téarmaí tagartha

- *Moltaí a dhéanamh ar aitheantas institiúidí oiliúna d'oideachas agus d'oiliúint fhreagróirí agus chleachtóirí cúraim phráinne réamh-ospidéil*
- *Moltaí a dhéanamh ar fhaomhadh ábhar na gcúrsaí oideachais agus oiliúna a bhíonn á reachtáil ag institiúidí aitheanta oiliúna*
- *Measúnú bliantúil a dhéanamh ar oiriúnacht an chúraim phráinne réamh-ospidéil a sholáthraíonn institiúid a bhíonn aitheanta ag an gComhairle don chúram sin*
- *Moltaí a dhéanamh, uair gach trí bliana ar a laghad, ar na caighdeáin eolais theoiriciúil agus phraiticiúil a bhíonn ag teastáil do cháilíochtaí i gcúram práinne réamh-ospidéil*
- *Moltaí a dhéanamh ar bhunú agus ar chothabháil scrúduithe NQEMT*
- *Téarmaí Tagartha agus ballraíocht a fhochoistí a bhunú agus a chothabháil*
    - *Coiste Cáilíochta Scrúdaithe*
    - *Fochoiste Achomhairc*
- *Moltaí a dhéanamh ar bhunú agus ar choimeád an Chláir CCPRO*
- *Moltaí a dhéanamh ar mheasúnú comhionannais cháilíochtaí ghairmiúla i gcúram réamh-ospidéil a fuarthas*

*laistigh agus lasmuigh den stát*

- *Moltaí a dhéanamh ar fhaomhadh sholáthróirí seirbhíse cúraim phráinne réamh-ospidéil d'fheidhmiú CPGanna.*

## Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2010

D'éirigh an Dr Ted Fleming as an gCoiste Creidiúnaithe i Samhain 2010.

### *Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2010*

| | |
|---|---|
| Mr Michael Garry | Cathaoirleach |
| Mr Tom Mooney | Cathaoirleach, an Chomhairle |
| Ms Valerie Small | Leaschathaoirleach, an Chomhairle |
| Mr Frank O'Malley | Cathaoirleach, an Coiste Cúraim Chliniciúil |
| Mr Cathal O'Donnell | Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Míochaine * |
| Mr Gerry Tuohy | Paraimhíochaineoir |
| Mr Michael Dineen | Paraimhíochaineoir |
| Mr Barry O'Brien | Ionadaí Bainistíochta |
| Ms Ursula Byrne | Oideachas agus Oiliúint, Altranas |
| Mr Macartan Hughes | Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna |
| Mr Terence Kearney | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn |
| An tOll Paul Finucane | Oideachas agus Oiliúint, Míochaine |
| An Dr David McManus | Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann |
| Mr Stephen McMahon | Cumann Othar na hÉireann |
| Ms Sarah Cain | Foras Croí na hÉireann |
| Ms Patricia FitzPatrick | Ball den Chomhairle |



* D'éirigh Mr Cathal O' Donnell as a bheith ina Chathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach Míochaine i mí na Nollag 2010.

# Coiste Cáilíochta Scrúdaithe

## Téarmaí tagartha

*Dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar an Scrúdú NQEMT agus moltaí a dhéanamh do na Coistí cuí.*

## Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2010

Cuireadh daoine eile in ionad na mball seo a leanas i mí na Nollag 2010: An Dr Geoff King, Stiúrthóir CCPRO. Ms Pauline Dempsey, Oifigeach Forbartha Cláir CCPRO. Déanadh Cathaoirleach den Choiste Cáilíochta Scrúdaithe de Ms Jacqueline Egan i mí na Nollag 2010. Chuaigh na daoine seo a leanas ar an gCoiste Cáilíochta Scrúdaithe i mí na Nollag 2010: Mr Paul Lambert, Scrúdaitheoir CCPRO. Mr Michael Garry, Scrúdaitheoir CCPRO. Mr Lawrence Kenna, Scrúdaitheoir CCPRO. Mr Rod Tobin, Scrúdaitheoir CCPRO. Mr Declan Lonergan, Scrúdaitheoir CCPRO agus Mr Ray Carney, Scrúdaitheoir CCPRO.

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2010

| | |
|---|---|
| Ms Jacqueline Egan | Cathaoirleach, Oifigeach Forbartha Cláir CCPRO |
| Mr Brian Power | Oifigeach Forbartha Cláir CCPRO |
| Mr Ricky Ellis | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Mark Wilson | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath |
| Mr David Sherwin | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn |
| An tOll. Gerard Bury | Ollamh le Cleachtadh Ginearálta, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath |
| Mr Shane Knox | Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna |
| Mr Ben Heron | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Sean Creamer | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Ms Julie Woods | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Paul Lambert | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Michael Garry | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Lawrence Kenna | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Rod Tobin | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Declan Lonergan | Scrúdaitheoir CCPRO |
| Mr Ray Carney | Scrúdaitheoir CCPRO |

# Coiste Achomhairc

## Téarmaí tagartha

*Achomhairc a déanadh go dtí an Stiúrthóir a phlé.*

## Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2010

Chuaigh Ms Patricia FitzPatrick ar an gCoiste Achomhairc mar Chomh-Chathaoirleach i mí na Nollag 2010.

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2010

| | |
|---|---|
| Mr Barry O'Brien | Cathaoirleach |
| Ms Patricia FitzPatrick | Comh-Chathaoirleach |
| Mr Gerry Tuohy | Ball neamh-scrúdaitheora den Chomhairle |
| Mr Michael Dineen | Ball neamh-scrúdaitheora den Chomhairle |
| Mr Tom Tinnelly | Ball neamh-scrúdaitheora den Chomhairle |
| Mr Michael Garry | Ball Scrúdaitheora den Chomhairle |

# Coiste Iniúchóireachta

## Téarmaí tagartha

- *Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le nádúir, méid agus éifeachtacht na gcóras cuntasaíochta agus rialúcháin inmheánaigh.*
- *An fheidhm iniúchta inmheánaigh a chomhlánú, a fheabhsú agus a thacú.*



## Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2010

Ní raibh aon athrú ar bhallraíocht i rith 2010.

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2010

| | |
|---|---|
| Mr Con Foley | Cathaoirleach |
| Mr Dermot Magan | Speisialtóir Airgeadais |
| Mr Barry O'Brien | Ball den Chomhairle |
| Mr Michael Garry | Ball den Chomhairle |
| Ms Jaqueline Egan | Ball foirne CCPRO |

# Grúpa Comhairleach Míochaine

## Téarmaí tagartha

*Ceisteanna míochaine a phlé mar a chuireann an Chomhairle, na Coistí um Chúram Cliniciúil nó um Chreidiúnúchán nó oifig an CCPRO chucu iad dóibh, agus tuarascáil a thabhairt don an Chomhairle tríd an gCoiste um Chúram Cliniciúil.*

## Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2010

Tháinig Mr George Little chuig GCM i Meán Fómhair 2010 mar Chomhairleoir Míochaine ina ionadaí ar Rannóg an Iarthair den FSS. Tháinig an Dr David Menzies chuig GCM i Samhain 2010 mar Chomhairleoir Míochaine ina ionadaí ar Choláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna/Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. D'éirigh Mr Cathal O' Donnell as a bheith ina Chathaoirleach ar GCM i mí na Nollag 2010.

## Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2010

### 1. Comhairleoir Míochaine – An tSeirbhís Otharcharranna (cineálach)

| | |
|---|---|
| Mr Cathal O' Donnell | Ball den Chomhairle |
| Mr Mark Doyle | Rannóg an Oirdheiscirt FSS |
| An tOll. Stephen Cusack | Rannóg an Deiscirt FSS, Comhairleoir Míochaine |
| Mr Conor Egleston | Rannóg an Oirthuaiscirt FSS, Comhairleoir Míochaine |
| Mr John O'Donnell | Rannóg an Iarthair FSS, Comhairleoir Míochaine |
| Mr Richard Lynch | Rannóg Lár Tíre FSS, Comhairleoir Míochaine |
| Mr Fergal Hickey | Rannóg an Iarthuaiscirt FSS, Comhairleoir Míochaine |
| An Dr Peter O'Connor | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Comhairleoir Míochaine |
| Mr George Little | FSS an Oirthir, Comhairleoir Míochaine |
| An Dr Niamh Collins | Saineolaí Míochaine |
| An Dr David Menzies | Comhairleoir Míochaine, Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna/Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath |
| Folamh | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn |

### 2. Oifigeach Oiliúna agus Forbartha – An tSeirbhís Otharcharranna (cineálach)

| | |
|---|---|
| Mr Brendan Whelan | Rannóg Lár Tíre FSS |
| Mr Declan Lonergan | Rannóg an Oirdheiscirt FSS |
| Mr Lawrence Kenna | Rannóg an Oirthir FSS |
| Folamh | Rannóg an Iarthair FSS |
| Mr Paul Lambert | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath |



### 3. Institiúidí Oiliúna creidiúnaithe ag CCPRO (cineálach)

| | |
|---|---|
| Mr Macartan Hughes | Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna, Stiúrthóir |
| Mr Martin O' Reilly | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn, Oifigeach Réigiúnach |

### 4. Beirt ionadaí ó Sheirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann analógach le (1) & (2)

| | |
|---|---|
| Mr Paul Meehan | Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann, Oifigeach Oiliúna Réigiúnach |
| An Dr David McManus | Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann, Stiúrthóir Míochaine |

### 5. Cathaoirligh an Choiste Cúraim Chliniciúil agus an Choiste Creidiúnaithe araon (cineálach)

| | |
|---|---|
| Mr Frank O'Malley | Coiste Cúraim Chliniciúil |
| Mr Michael Garry | Coiste Creidiúnaithe |

### 6. Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach na Comhairle (cineálach)

| | |
|---|---|
| Mr Tom Mooney | Cathaoirleach |
| Ms Valerie Small | Leaschathaoirleach |

7. **Duine do gach ceann acu seo a leanas, Lia Míochaine Práinne, Cleachtóir Ginearálta, Péidiatraiceach (ainmniúchán indibhidiúil i láthair na huaire), Ainéistéisí agus Altra Cláraithe nuair nach bhfuil ina bhall cheanna féin trí (1) nó (7).**

| | |
|---|---|
| An Dr Zelie Gaffney | Dochtúir Ginearálta |
| An tOll. Gerard Bury | Dochtúir Ginearálta |
| An Dr David Janes | Dochtúir Ginearálta |
| Ms Valerie Small | Altra Cláraithe |
| An Dr Seán Walsh | Comhairleach i Míochaine Éigeandála Péidiatraiceach |
| Folamh | Ainéistéisí |

## Grúpa Oibre um Rialú

### Téarmaí tagartha

Moladh a dhéanamh leis an gComhairle maidir leo seo a leanas:

- *Cinneadh a dhéanamh an fiú go molfaí Cáilíocht Náisiúnta i dTeicneolaíocht Mhíochaine Práinne (Rialtóir) a bhronnadh*
- *Comhábhair ríthábhachtacha na hoiliúna tosaí agus na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a aithint (a chaithfear a áireamh nuair atá curaclaim á ndréachtú)*
- *Aithint ceisteanna eile maidir le Rialú gur gá a mhíniú agus a fhorbairt agus atá laistigh de chúram CCPRO agus a mholadh don Chomhairle conas a bhféadfaí iad a chur chun cinn.*



### Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2010

Ní raibh aon athrú ar bhallraíocht an Ghrúpa Oibre Rialaithe i rith 2010.

### Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2010

| | |
|---|---|
| Mr Gabriel Glynn | Cathaoirleach |
| Mr Frank O'Malley | Cathaoirleach, an Coiste Cúraim Chliniciúil |
| Mr Brendan Crowley | Rialaitheoir, Rannóg an Oirdheiscirt FSS |
| Mr James Walsh | Rialaitheoir, Rannóg an Deiscirt FSS |
| Mr William Carolan | Rialaitheoir, Rannóg an Oirthir FSS |
| Mr Pat McCreanor | Príomhoifigeach Otharcharranna, Rannóg an Oirthir FSS |
| Mr William Merriman | Oifigeach Cumarsáide, Rannóg an Oirthir FSS |
| Mr John Moody | Oifigeach Stáisiúin/Rialaitheoir, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath |
| Mr Hugh O'Neill | Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Príomhoifigeach Dóiteáin |
| Mr Gabe McClean | Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann |
| Mr Tom Horwell | Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna |
| Mr Martin O' Reilly | Oifigeach Ceantair, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath |
| Mr Martin Dunne | POF Cúnta, Seirbhís Réigiúnach Otharcharranna an Oirthir |

# Ráiteas an Stiúrthóra



Dr Geoff King, Director

Sna deich mbliana gur ann don CCPRO, tharla mórfhorbairtí san earnáil um chúram práinne reámh-ospidéil. Tá fírinne fhócais ildisciplíneach an CCPRO, ag féachaint ar an réimse iomlán um chúram práinne réamh-ospidéil (seachas ar an 'seirbhís otharcharranna' inti féin)mar phríomhchúis leis an dul chun cinn a déanadh go dtí seo.

### Gairm na seirbhíse um chúram práinne réamh-ospidéil a chur ar bhonn foirmeálta

- Aistriú ó sheirbhís otharcharranna aon leibhéil le cleachtóir amháin um chúram práinne réamh-ospidéil 'leibhéal'(EMT) I 2001 go dtí sé leibhéal cúraim in 2010: CFR, OFA, EFR, EMT, P agus AP.
- An 6ú clár reachtúil a bunaíodh in 2006, le trí rannóg (agus le 3000 cláraí reatha).

### Méadú ar scóip chleachtais do pharaimhíochaineoirí

- Is féidir le EMTanna nach raibh cead acu roimhe seo ach ceithre chógas a thabhairt amach (Aspairín, ocsaigin, ocsaíd nítriúil, GTN), suas le 35 cógas éagsúil a thabhairt amach (ag brath ar leibhéal a gcáilíochta).

### Forbairt ar chaighdeán comhsheasamhach dea-chleachtais i gcúram práinne réamh-ospidéil sna hearnálacha poiblí, príobháideach agus deonach

- Cinntíonn caighdeán agus cáilíocht NQEMT go mbíonn an cumas agus an taithí céanna ag gach pharaimhíochaineoir, is cuma cá mbíonn siad ag obair/cleachtadh
- Dé-fhócas ar chleachtóirí agus freagróirí, ag barrfheabhsú iarrachtaí suntasacha na bhfreagróirí deonacha, ag teacht le cúram gairmiúil, agus ag tiomáint múnla comhoibríoch um chúram práinne réamh-ospidéil trí chomhtháthú a dhéanamh ar na heilimintí éagsúla a bhaineann le cúram agus cúram a sholáthar 
- Forbairt, athbhreithniú, nuashonrú agus eisiúint níos mó ná 250 Treoirlíne Chleachtais Chliniciúil a thiomáineann cleachtas comhtháite agus dea-chleachtas i sé leibhéal sainithe i gcúram práinne réamh-ospidéil (trí cinn ag leibhéil an fhreagróra agus trí cinn eile ag leibhéil an chleachtóra)
- Ionchorprú a dhéanamh ar Threoirlínte Cleachtais Chliniciúil i gcúram práinne reámh-ospidéil i gcúrsaí cúraim chairdiach agus tráma do liachleachtóirí (agus oiliúint níos mó ná leath – 450 go dtí seo – de Chleachtais Ghinearálta in Éirinn
- Forbairt agus forfheidhmiú na gcaighdeán d'oiliúint agus cleachtadh an fhreagróra do ghníomhaireachtaí pobail, suíomhanna gairme agus gníomhaireachtaí comhfhreagracha
- Aitheantas do thimpeall 40 institiúid oiliúna a sholáthraíonn cúrsaí do na sé leibhéal um chúram práinne réamh-ospidéil, ar a n-áirítear soláthróirí reachtúla, cúntacha, príobháideacha agus deonacha le Foras Croí na hÉireann agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Faomhadh ar thimpeall 20 eagraíocht (ar a n-áirítear eagraíochtaí reachtúla, cúntacha, príobháideacha agus deonacha) d'fhorfheidhmiú na CPGanna.

### Ról suntasach maidir le hAthchumraíocht Náisiúnta na Seirbhísí Éigeandála Míochaine

- Imlonnú ar 200 ard-pharaimhíochaineoir. Leagann an CCPRO síos an caighdeán, agus déanann siad faomhadh agus maoiniú ar na cúrsaí a chuireann an Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna ar fáil i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
- Treoir a sholáthar in imlonnú optamach na n-otharcharr práinne, na n-ard-pharaimhíochaineoirí agus na bhfreagróirí trí choimisiúnú a dhéanamh ar thaighde spásanailíse

- Forbairt agus forfheidhmiú na bpríomhchaighdeán: Tiomáint a dhéanamh ar Chaighdeáin, Caighdeáin na nOtharcharr Práinne, Caighdeáin maidir le Tosaíocht Imeachta EMS, Caighdeáin Aistrithe Idirshaoráide, agus Glaoch-thógálaí EMS agus Caighdeáin an Riarthóra.

## Feabhas ar fhaisnéis um chúram práinne réamh-ospidéil

- Feabhas ar chaighdeánú na faisnéise um chúram práinne réamh-ospidéil tríd an Tuarascáil Náisiúnta ar Chúram Othar le caighdeáin tacaithe, tacar sonraí agus sainmhínithe, agus an Clár um Stad Chairdiach Lasmuigh den Ospidéal a bunaíodh i gcomhpháirtíocht leis an FFS agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

## Forbairt um chúram práinne réamh-ospidéil a chur ar an eolas trí thaighde

- Ionad Taighde Réamh-Ospidéil a bhunú i gcomhar le Scoil Liachta Ollscoil Luimnigh
- Forfheidhmiú an Tionscadail Taighde ar Bhainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla i gcomhar leis an FFS, an Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

## Príomhghníomhaíochtaí Reatha agus Príomhthosaíochtaí don Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

- Iniúchadh cliniciúil don timpeallacht réamh-ospidéil
- Prótacail chóireála agus scaoilte amach (ag tacú leis an bPolasaí Náisiúnta Sláinte leis an ualach ar EDanna na n-ospidéal a laghdú)
- Forbairt agus feidhmiú céimneach ACS Saoránach
- Athbhreithniú ar bhonn fianaise agus nuashonrú ar CPGanna
- Forbairt agus forfheidhmiú ar oideachas agus oiliúint bunaithe ar inniúlacht do chleachtóirí le héascú a dhéanamh ar fhíorú na ndintiúr agus soláthar pribhléide
- Tuilleadh forbartha ar an samhaltán imlonnaithe ar bhonn fianaise
- Tuilleadh forbartha ar chomhtháthú ar bhonn fianaise ar gach soláthróir seirbhíse le feabhas a chur ar éifeacht
- Acmhainn ríomhfhoghlama a bhunú le héascú a dhéanamh ar bhreisoiliúint CPG do gach cleachtóir (ag laghdú ama oiliúna agus costais dá réir agus ag feabhsú leibhéal na scileanna ag an am gcéanna)
- Forbairt a dhéanamh ar chlár cuimsitheach, náisiúnta d'oiliúint BLS i scoileanna
- Rannpháirtíocht chuimsitheach, náisiúnta na seirbhísí cúntacha agus deonacha (m.sh. An Garda Síochána, Seirbhísí Dóiteáin choinnithe, etc) mar chuid de chomhtháthú EMS.



Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach Tom Mooney, agus le baill uile na Comhairle as a rannpháirtíocht ar an mBord agus a choistí. Tugaim aitheantas chomh maith dár gcomhpháirtithe sa tionscal um chúram práinne réamh-ospidéil maidir lena gcomhoibriú i gcaitheamh na bliana. Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an CCPRO as a gcuid oibre crua agus a ndúthracht go mbeadh an CCPRO éifeachtach i mbun a mhisin an pobal a chosaint.



*An Dr Geoff King, Stiúrthóir*

*Mí na Nollaig 2010*

# Foireann agus Cairt Eagraíochta

| | |
|---|---|
| Anne Keogh | Oifigeach Cléireach Clárúcháin & Fáiltithe |
| Barry O'Sullivan | Leas-Stiúrthóir & Cláraitheoir |
| Brian Power | Oifigeach um Fhorbairt Clár |
| Claire Finn | Oifigeach Clárúcháin |
| Deirdre Borland | Oifigeach Tacaíochta Forbartha Cláir |
| An Dr Geoff King | Stiúrthóir |
| Jacqueline Egan | Oifigeach Forbartha Cláir |
| John Lally | Oifigeach Tacaíochta TFC agus Riaracháin |
| Liz Dempsey | Oifigeach Scrúduithe |
| Margaret Feeney | Oifigeach Cléireach Scrúduithe & Fáiltithe |
| Marian Spence | Rúnaí na Comhairle & Oifigeach Tacaíochta Creidiúnaithe |
| Marie Ní Mhurchú | Bainisteoir Seirbhísí Cliant & Ionadaí Bainistíochta CBC |
| Pauline Dempsey | Oifigeach Forbartha Clár |
| Sylvia O'Mahony | Oifigeach Tacaíochta Airgeadais & Riaracháin |



# Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2010

**An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil**
**Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2010**

| Léamh Méadair MPRN | | Lá | Oíche | IOMLÁN M. Watts |
|---|---|---|---|---|
| 1000296127 | Ean-11 | 65534 | 51134 | |
| | Ean-10 | 58378 | 43889 | |
| | ÚSÁIDTE | 7156 | 7245 | 14401 |
| 1002961289 | Ean-11 | 24631 | 28911 | |
| | Ean-10 | 3384 | 11893 | |
| | ÚSÁIDTE | 21247 | 17018 | 38265 |
| 1002961303 | Ean-11 | 67631 | 46644 | |
| | Ean-10 | 59355 | 41935 | |
| | ÚSÁIDTE | 8276 | 4709 | 12985 |



Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i gcúram práinne réamhospidéal in Éirinn.

# AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM PRÁINNE RÉAMH-OSPIDÉIL

## RÁITIS AIRGEADAIS

## don

## BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010



Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i gcúram práinne réamhospidéal in Éirinn.

# RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

---

**Comhdhéanamh na Comhairle agus Faisnéis Eile**

## Baill na Comhairle

Mr. Tom Mooney, Cathaoirleach

Mr Michael Dineen

Ms. Patricia Fitzpatrick

Mr Michael Garry

Mr Macartan Hughes

Mr. Frank Mc Clintock

An Dr. Cathal O' Donnell

Ms. Valerie Small

Mr Gerry Tuohy

Mr. Michael Brennan

An Dr. Connor Egleston

An Dr Zelie Gaffney

Ms. Karen Healy

Ms. Mary Mc Clelland

Mr Barry O'Brien

Mr. Frank O'Malley

Mr Tom Tinnelly



| | |
|---|---|
| Stiúrthóir | An Dr. Geoff King |
| Baincéirí | AIB,<br>An Phríomhshráid<br>Nás na Rí<br>Co Chill Dara |
| Seoladh Gnó | Teach Móta na Mainistreach<br>Sráid na Mainistreach<br>Nás na Rí<br>Co Chill Dara |
| Iniúchóir | Ard-Reachtaire Cuntas agus CistE<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |

# RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

---

### Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle de bhun Ordaithe na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-ospidéil (Bunaíocht) 2000, ráitis airgeadais, a léiríonn go fírinneach agus go cóir staid na Comhairle chomh maith lena h-ioncam agus lena caiteachas le linn na tréimhse sin, a réiteach do gach bliain airgeadais.

Is na ráitis airgeadais sin á réiteach ag an Chomhaile tá sé de dhualgas uirthi:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go rianúil;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- géilleadh do Chaighdeáin ábhartha Cuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin nuair nach bhfuil sé cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-ospidéil uirthi i mbun feidhme.

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuí cuntasaíochta a choimeád, a nochtann ag aon am agus go réasúnta cruinn, staid airgeadais na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-ospidéil agus a chumasaíonn í le deimhin a dhéanamh de go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá sí freagrach chomh maith as sócmhainní na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-ospidéil a chosaint agus céimeanna cuí a ghlacadh dá réir maidir le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



On behalf of the Council

 Chairman  Council Member

June 2011

## Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Glacaimid, thar ceann na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO), go bhfuil sé de fhreagracht orainn a dheimhniú go gcoimeádtar agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Tá an CCPRO, tríd an Stiúrthóir, freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras um rialú inmheánach agus dearbhuithe a sholáthar don Chomhairle.

Deartar córas um rialú inmheánach chun riosca a laghdú seachas deireadh a chur leis. Is féidir le córas dá leithéid soláthar a dhéanamh ar dhearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhair a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

## Príomhphróisis Rialaithe

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá curtha i bhfeidhm ag an CCPRO le go ndéanfaí rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar.

I. Tá struchtúr seanbhunaithe eagraíochta ag an CCPRO ina bhfuil sainlínte soiléire maidir le cuntasacht, freagracht agus tuairisciú;
II. Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais i CCPRO doiciméadaithe i mapaí próisis an Chórais Bainistíochta Ardchaighdeáin (CBA);
III. Tá an CCPRO tar éis próisis a bhunú maidir le scagadh dualgas agus maidir le húdarú caiteachais;
IV. Tá na Córais TAS agus SAGE i bhfeidhm ag an CCPRO d'fhonn an cleachtas cuntasaíochta airgeadais a áisiú agus rianta mioninste iniúchta a sholáthar maidir leis an uile idirbheart;
V. Déantar monatóireacht ar an gcaiteachas agus ar an ngníomhaíocht m(h)íosúil i bhfrithshuíomh leis an bplean gnó. Cuirtear tuarascálacha chuig an Stiúrthóir le go ndéanfaí iad a phlé agus le go ndéanfaí gníomhú cuí ina leith;
VI. Réitítear agus cuirtear isteach staidtuarascáil mhíosúil airgeadais don Roinn Sláinte agus Leanaí
VII. Tá Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm agus tháinig siad le chéile dhá uair le linn na bliana. Chuir an coiste seo tuarascáil don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2008 faoi bhráid na Comhairle i bhFeabhra 2009.
VIII. Tá monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach eolasaithe ag tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta, obair an Iniúchóra Inmheánaigh, na Bainisteoirí Feidhmeannachta inár gComhairle go bhfuil forbairt agus cothabháil na creatlaí um rialú airgeadais de fhreagracht orthu, na moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn an iniúchta nó ina litreacha bainistíochta agus an Chreatlach Riosca agus an Clár Riosca araon.
IX. Coimeádtar Baill Comhairle ar an eolas maidir le ceisteanna airgeadais, rialaithe agus gnáthcheisteanna rialachais chorparáide trí chruinnithe Comhairle a reáchtáiltear go rialta.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus an Chomhairle athbhreithniú ar agus thug faomhadh d'athbhreithniú foirmeálta ar éifeachtach an chórais um rialú inmheánach a chomhlíon gnólacht seachtrach cuntasóirí le linn 2010.




Chairman



Director

# AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM PRÁINNE RÉAMH-OSPIDÉIL

# RÁITIS AIRGEADAIS

### DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

---

## Réamhrá

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil de bhun Ionstraim Reachtúil Uimh. 109 de 2000, Ordú na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunaíocht), 2000 agus leasaithe ag Ordú Ionstraim Reachtúil Uimh. 575 de 2004 (Leasú) 2004. Déanadh na hOrduithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar atá leasaithe agus daingnithe ag an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007.

## Gnóthas Leantach mar Bhonn Cuntasaíochta

D'fhógair an Rialtas i gCáinaisnéis Dheireadh Fómhair 2008, go raibh sé ar intinn aige an Chomhairle a chomhchuimsiú sa Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Beidh athrú reachtaíochta ag teastáil dá leithéid d'athrú, idir an dá linn níl sé ar intinn feidhmeanna na Comhairle a leasú agus is féidir brath air go leanfar de chomhlíonadh na ngníomhaíochtaí atá aici faoi láthair. Ní chreideann an Chomhairle go bhfuil gá d'aon choigeartú ar na ráitis airgeadais le léiriú a dhéanamh ar an gcomhchuimsiú atá molta agus tá sí tar éis na ráitis airgeadais a réiteach ar an mbonn gnóthais leantaigh.



## Feidhmeanna na Comhairle

- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil Institiúidí Traenála agus ábhar na gcúrsaí i dTeicneolaíocht Mhíochaine Práinne ag teacht leis an dea-chleachtas reatha
- A chinntiú go mbaineann soláthróirí cúraim práinne reámh-ospidéil inniúlacht amach ag an leibhéal iomchuí feidhmíochta agus go bhfanann siad amhlaidh.
- Treoirlínte um chleachtas cliniciúil a réiteach do chúram Práinne réamh-Ospidéil
- Taighde ábhartha a fhoinsiú agus a urrú le go dtreorófaí treoracha na Comhairle agus cúram réamh-Ospidéil a fhorbairt
- Caighdeáin feidhmíochta a réiteach do sholáthróirí um chúram Práinne réamh-Ospidéil le go dtacófaí leis an gcleachtas is fearr.
- Clár de chleachtóirí um chúram práinne réamh-ospidéil a bhunú agus a choimeád.
- Atheagrú a dhéanamh ar na soláthróirí cúraim práinne réamh-ospidéil sin a thugann faoi na treoirlínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm.

## Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta

**(1) Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Réitítear na ráitis airgeadais ar an mbonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ag teacht leis na prionsabail cuntasaíochta go nglactar leo go ginearálta, le heisceacht mar a sonraítear thíos.

**(2) Ioncam agus Caiteachas**

Is tríd an gcuntas ioncaim agus caiteachais a dhéileáiltear leis an leithdháileadh neamh-chaipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Aistrítear aon chuid den leithdháileadh seo a úsáidtear chun críche caipitil, agus óna n-eascraíonn breiseanna sócmhainní seasta, go dtí an Cuntas Ciste Caipitil. Is ar bhonn admhálacha atá cuntas ar aon ioncam eile.

Nuair a úsáidtear cuid den leithdháileadh neamh-chaipitil chun tionscadail, a fhaigheann leithdháiltí caipitil chomh maith, a chistiú, cuirtear an chuid cistíochta neamh-chaipitil go dtí an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Ní chuirtear an Cuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais i láthair toisc nach raibh aon tionscadal caiteachais chaipitil ann ná aon leithdháileadh a bhaint leis ón Roinn Sláinte agus Leanaí i mbliana ná sa bhliain roimhe seo.

**(3) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

Gearrtar dímheas iomlán bliana i mbliain an cheannaithe. Sonraítear an uile shócmhainn sheasta a fhaightear, gan bheann ar fhoinse na cistíochta ar chostas lúide dímheas. Ní ghearrtar dímheas, atá comhoiriúnaithe ag amúchadh coibhéiseach an Chuntas Ciste Caipitil, i gcoinne an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. 

Gearrtar dímheas ag na rátaí bliantúla seo a leanas

| | |
|---|---|
| Trealamh ICT | 33.3% líne dhíreach. |
| Trealamh Eile | 20.0% líne dhíreach. |

**(4) Cuntas Ciste Caipitil**

Is tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais a dhéileáiltear le leithdháiltí caipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Is ionann an comhardú ar an gcuntas seo agus barrachas/easnamh ar mhaoiniú na dtionscadal a ndearna an Roinn Sláinte agus Leanaí maoiniú caipitil a sholáthar dóibh.

**(5) Aoisliúntas**

Faoi threoir ón Aire Sláinte agus Leanaí, ní dhéantar aon soláthar maidir le sochair iníoctha faoi Scéimeanna Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil toisc go mbíonn an dliteanas frithghealltа ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill den scéim a chur chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Cuirtear íocaíochtaí pinsin faoin scéim i leith an chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. Íoctar an tobhach pinsin leis an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Cuireadh na ráitis airgeadais seo, ar chuid den tuarascáil bhliantúil iad, faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tá siad ar feitheamh le deimhniú.

# AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM PRÁINNE RÉAMH-OSPIDÉIL
# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
# DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

| **Ioncam** | *Nótaí* | **2010** | **2009** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Leithdháileadh na Roinne Sláinte agus Leanaí | | 2,957,553 | 3,281,000 |
| Ioncam Eile | 4 | 560,076 | 519,491 |
| | | 3,517,629 | 3,800,491 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ciste Caipitil le Sóchmhainní Seasta a chistiú | 18 | (20,717) | (18,330) |
| | | 3,496,912 | 3,782,161 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais na bhFostaithe | 3 | 928,757 | 954,782 |
| Costais a Bhaineann leis an bhFoireann | 5 | 114,070 | 95,515 |
| Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta | 6 | 147,159 | 147,446 |
| Earcaíocht agus Meáin | 7 | 21,704 | 8,305 |
| Táillí Comhairliúcháin agus Gairmiúla Eile | 8 | 88,742 | 64,507 |
| Costais Scrúdaithe agus Costais Eile a Ghabhann leo | 9 | 138,296 | 170,847 |
| Priontáil agus Riarachán Ginearálta | 10 | 281,651 | 240,097 |
| Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht | 11 | 44,903 | 113,207 |
| Costais na Comhairle/an Choiste | 12 | 72,117 | 69,083 |
| EMS R&D, Tionscadail Speisialta, Deontais | 13 | 1,619,043 | 1,803,474 |
| Costais Cláir | 14 | 21,739 | 92,570 |
| | | 3,478,181 | 3,759,833 |
| **Ráiteas ar Ghluaiseacht i mBarrachas Carnach (Easnamh)** | | | |
| Barrachas (Easnamh) don bhliain | | 18,731 | 22,328 |
| Barrachas (Easnamh) ar an 1 Eanáir 2010 | | 19,484 | (2,844) |
| Barrachas (Easnamh) ar an 31 Nollaig 2010 | | 38,215 | 19,484 |

Lasmuigh den dímheas agus den amúchadh ar shócmhainní seasta go ndéileáiltear leo tríd an gCuntas Ciste Caipitil, cuimsíodh an uile ghnóthachan nó caillteanas aitheanta le teacht ar an mbarrachas ag caiteachas thar ioncam.

On behalf of the Council



Chairman

Council Member

June 2011

Tá na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

# AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM PRÁINNE RÉAMH-OSPIDÉIL
# CUNTAS COMHARDAITHE
# DON BHLIAIN DÁR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

| | Nótaí | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | 17 | 25,064 | 34,795 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead Tirim sa Bhanc | | 44,469 | 125,432 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 16 | 69,204 | 75,186 |
| | | 113,673 | 200,618 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 15 | 75,458 | 181,134 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **38,215** | **19,484** |
| Iomlán Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha | | 63,279 | 54,279 |
| **Maoinithe Ag** | | | |
| Cuntas Ciste Caipitil | 18 | 25,062 | 34,794 |
| Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 18,732 | 19,485 |
| Cúlchistí tugtha ar aghaidh | | 19,485 | |
| | | 63,279 | 54,279 |

On behalf of the Council

Chairman

Council Member

9 June 2010

Tá na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i gcúram práinne réamhospidéal in Éirinn.

# AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM PRÁINNE RÉAMH-OSPIDÉIL
# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
# AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

## 1. Tréimhse an Chuntais

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain ón 1 Eanáir 2010 go dtí 31 Nollaig 2010.

## 2. Riarachán

Sholáthair an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiúchán díreach don Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (CCPRO).

## 3. Sonraí na bhFostaithe agus Luacha Saothair

Ceithre dhuine dhéag ab ea an líon iomlán foirne mar a bhí faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí a bhí ann ar an 31ú Nollaig.Ceithre dhuine dhéag ab ea an líon iomlán foirne mar a bhí faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí a bhí ann ar an 31ú Nollaig.

Ba é an fíor líon ná 14 buan, 2 ar an bhFoireann Sealadach. Baineadh tobhaigh pinsin de €55,855 agus íocadh leis an Roinn Sláinte agus Leanaí iad. Seo a leanas costais chomhiomlána na bhfostaithe

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastáil na Foirne (Comhlán) | 792,429 | 798,797 |
| PRSI na bhFostóirí | 56,229 | 56,426 |
| Foireann ar Chonradh/Sealadach | 78,948 | 73,140 |
| Aoisliúntas | 1,151 | 26,419 |
| | 928,757 | 954,782 |



## 4 Ioncam Eile

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Clárúcháin | 42,220 | 49,685 |
| Ioncam Úis | 252 | 147 |
| Táillí Creidiúnúcháin agus Scrúdaithe | 122,154 | 69,774 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais | 197,038 | 113,465 |
| Díolachán Lámhleabhar Oiliúna agus DVD | 67,886 | 108,630 |
| Comhpháirtíocht Náisiúnta um Sheirbhísí Sláinte | 40,000 | 51,115 |
| Ioncam Teastais | 53,408 | 90,365 |
| Táillí poist agus pacáistithe | 3,406 | 2,962 |
| Díolachán Treoirlínte Cleachtais Chliniciúil | 33,712 | 18,333 |
| Ioncam Eile | 0 | 15,015 |
| | 560,076 | 519,491 |

## 5 Costais a Bhaineann leis an bhFoireann

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taisteal agus Liúntas Cothabhála na Foirne | 79,135 | 74,777 |
| Oiliúint agus Forbairt na Foirne | 34,868 | 19,793 |
| Costais Eile na Foirne | 67 | 945 |
| | 114,070 | 95,515 |

## 6 Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos agus Muirir Oifige | 119,494 | 121,244 |
| Leictreachas (Solas agus Teas) | 9,908 | 9,213 |
| Cothabháil Ghinearálta | 6,344 | 5,345 |
| Glanadh | 4,560 | 4,271 |
| Soláthar Lónadóireachta / Cistine | 6,853 | 7,373 |
| | 147,159 | 147,446 |

## 7 Costais Earcaíochta agus na Meán

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Na Meáin agus Earcaíocht | 21,704 | 8,305 |
| | 21,704 | 8,305 |

## 8 Táillí Comhairliúchán agus Gairmiúla Eile

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Dlí | 2,821 | 2,915 |
| Táillí Comhairliúcháin agus Gairmiúla Eile - Ilnithe | 51,101 | 4,811 |
| Táillí Comhairliúcháin - Airgeadas | 8,974 | 8,662 |
| Iniúchóireacht Inmheánach | 5,641 | 5,399 |
| Táillí Iniúchta | 7,520 | 7,520 |
| Measúnachtaí Creidiúnaithe Comhairliúcháin | 12,685 | 35,200 |
| | 88,742 | 64,507 |

San áireamh i dtáillí comhairliúcháin agus gairmiúla tá táille de €36,915 a chaitheadh ar athbhreithniú i leith impleachtaí an cinneadh Rialtais maidir leis an gComhairle a bheith fo-ghlacaithe ag an gComhairle um Proifisiúntacht Sláinte agus Cúram Sóisialta. Cé go raibh an Roinn Sláinte ar an eolas faoin athbhreithniú, níor chuardaigh an Chomhairle cead foirmiúil mar ba chuí faoi Ionstraim Reachtúil 109/2000. Tá cead cúlghabhálach lorgaithe ag an gComhairle ón Roinn.



## 9 Costais Scrúdaithe agus Costais Eile a Ghabhann leo

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ionaid an Bhord Scrúdaithe | 6,695 | 4,000 |
| Anailís Iniúchta agus Iasacht | 24,875 | 93,844 |
| Scrúdaitheoirí Seachtracha | 106,726 | 73,003 |
| | 138,296 | 170,847 |

## 10 Priontáil agus Riarachán Ginearálta

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Páipéarachas | 15,219 | 13,627 |
| Fón agus Fóin Phóca | 23,730 | 23,292 |
| Postas agus Cúiréirí | 46,717 | 39,616 |
| Trealamh Oifige | 1,735 | 4,890 |

| | | |
|---|---|---|
| Priontáil / Tuarascálacha Bliantúla / Teastais | 146,797 | 124,997 |
| Árachas | 3,725 | 3,451 |
| Cóipirí / Conarthaí Seirbhíse etc | 11,468 | 9,801 |
| Seirbhísí Leabharlainne / Faisnéise | 21,763 | 9,055 |
| Ús agus Táillí Bainc | 1,643 | 1,710 |
| Ilearraí | 0 | 1,495 |
| Ballraíocht Chomhlachtaí | 8,854 | 8,163 |
| | 281,651 | 240,097 |

| 11 Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bogearraí agus Nithe Forimeallacha | (1,516) | 92,016 |
| Ceadúnais agus Tacaíocht TFC | 46,419 | 21,191 |
| | 44,903 | 113,207 |

| 12 Costais na Comhairle/an Choiste | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Baill na Comhairle | 17,137 | 28,638 |
| Ábhair na Comhairle | 17,847 | 651 |
| Coiste Creidiúnaithe | 3,190 | 3,949 |
| Coiste Cúraim Chliniciúil | 1,548 | 2,674 |
| Grúpa Comhairleach Míochaine | 7,056 | 12,355 |
| Grúpaí Eile Oibre / Comhairleacha | 25,339 | 20,817 |
| | 72,117 | 69,083 |



| 13 EMS T&F Tionscadail Speisialta agus Deontais | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Foras Croí na hÉireann | 102,000 | 102,000 |
| Tógáil Acmhainne – Tionscadal Scanta | 10,000 | 33,180 |
| Tionscnamh E PCR | 176,245 | 258,488 |
| Urraíocht Chomhdhála | 25,000 | 5,854 |
| Taighde Spásanailíse | 9,379 | 120,673 |
| Cistiú Forbartha Ard-Pharaimhíochaineora | 610,000 | 389,393 |
| Comhtháthú ar Chúram Láithreach | 0 | 160,000 |
| Tionscadal ACS Luimnigh | 150,000 | 237,666 |
| An Chéad Fhreagra Chairdiach (CFC) Breisoiliúint agus DVD | 0 | 4,640 |
| Tionscadal Ríomhfhoghlama | 24,996 | 75,528 |
| Tionscadal CISM Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad | 112,390 | 122,274 |
| Athbhreithniú ar Chaighdeáin Traenála | 14,085 | 44,894 |
| Clár um Stad Cairdiach Eis-Ospidéil | 114,755 | 126,349 |
| Clár um Breisoiliúint Pharaimhíochaine - FSS | 1,423 | 105,466 |
| Tionscadal CFR Saoránach | 268,770 | 0 |
| Tionscadail Speisialta Ilghnéitheacha | 0 | 17,069 |
| | 1,619,043 | 1,803,474 |

### 14 Clár

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Riarachán – Cártaí Aitheantais, Ceadúnais etc | 21,739 | 91,476 |
| Éisteacht um inniúlacht chun cleachtais | 0 | 1,094 |
| | 21,739 | 92,570 |

### 15 Creidiúnaithe

| Suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe Trádála | 20,856 | 74,722 |
| Fabhruithe | 54,602 | 106,412 |
| | 75,458 | 181,134 |

### 16 Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 33,931 | 51,510 |
| Féichiúnaithe | 35,273 | 23,676 |
| | 69,204 | 75,186 |

### 17 Sócmhainní Seasta

| | TFC Trealamh | Eile Trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar an 1ú Eanáir 2010 | 849,402 | 189,064 | 1,038,466 |
| Breiseanna sa bhliain | 19,023 | 1,694 | 20,717 |
| **Ar an 31 Nollaig 2010** | **868,425** | **190,758** | **1,059,183** |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Ar an 1ú Eanáir 2010 | 823,590 | 180,081 | 1,003,671 |
| Táillí don bhliain | 26,040 | 4,408 | 30,448 |
| **Ar an 31 Nollaig 2010** | **849,630** | **184,489** | **1,034,119** |
| **Glanluach Leabhar** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2010 | **18,795** | **6,269** | **25,064** |
| Ar an 31 Nollaig 2009 | **25,812** | **8,983** | **34,795** |

## 18 Cuntas Ciste Caipitil

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh 1ú Eanáir | 34,795 | 49,585 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | 20,717 | 18,330 |
| Lúide: | | |
| Amúchadh ag teacht le dímheas- Nóta 17 | 30,448 | 33,120 |
| **Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig** | **25,064** | **34,795** |

## 19 Táillí agus Costais Bhaill na Comhairle

| | | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Michael | Brennan | 1,865 | 1,568 |
| Michael | Dineen | 1,578 | 3,858 |
| Conor | Egleston | 114 | 240 |
| Patricia | Fitzpatrick | 532 | 561 |
| Zelie | Gaffney | 892 | 1,465 |
| Michael | Garry | 978 | 1,375 |
| Karen | Healy | 1,167 | 505 |
| Mary | McClelland | 363 | 753 |
| Frank | McClintock | 630 | 4,477 |
| Tom | Mooney | 670 | 1,295 |
| Barry | O'Brien | 1,363 | 2,006 |
| Cathal | O'Donnell | 890 | 861 |
| Frank | O'Malley | 2,194 | 2,891 |
| Valerie | Small | 588 | 860 |
| Tom | Tinnelly | 1,285 | 3,043 |
| Gerry | Tuohy | 1,975 | 2,880 |
| Gerry | Bury | 53 | 0 |
| | **Iomlán** | **17,137** | **28,638** |

Ní fhaigheann Baill na Comhairle Táillí as a gcuid seirbhísí mar bhaill den chomhairle.

## 20 Pacáiste Luach Saothair na Stiúrthóirí
### *don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010*

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Buntuarastal Bliantúil – Ráta PO na Státseirbhíse | 103,472 | 111,883 |
| Liúntas Stiúrthóra Míochaine | 17,416 | 18,009 |
| Pacáiste Luach Saothair Iomlán | 120,888 | 129,892 |

Níl aon leasa pinsin á bhfáil ag an Stiúrthóir seachas na dliteanais chaighdeánacha faoi Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus níor íocadh aon bhónas leis an Stiúrthóir in 2010.

## 21 Asbhaintí Aoisliúntais

*don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010*

Ar an 2ú Meán Fómhair 2010, thug an Roinn Sláinte agus Leanaí treoir go gcaithfí le hasbhaintí ón bhfoireann mar ioncam agus go mbeadh laghdú dá réir ar an maoiniú a bheadh ag teastáil ón Státchiste. Cheartaigh agus laghdaigh an Chomhairle an tarraingt anuas airgid thirim le €203,477 ón gcéad leithdháileadh do 2010 ar €3,161,000, d'fhonn soláthar a dhéanamh go gcomhlíonfaí an treoir seo a bhaineann le hioncam Aoisliúntais.

## 22 Baill na Comhairle – Nochtadh Idirbhearta

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta ag teacht leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le baill na Comhairle ag nochtadh leasa agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheart ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle mar a raibh leas tairbhiúil i gceist do bhall den Chomhairle.

## 23 Oibleagáidí Léasa

*don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010*

Tá an foirgneamh ina bhfuil oifigí na Comhairle ar léas oibriúcháin a bhfuil deireadh le teacht leis ar an 30 Meán Fómhair 2012, is sa chuntas ioncaim agus caiteachais a chuirtear an cíos a ghearrtar.



## 24 Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

*don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010*

Ba é an úsáid fuinnimh i bhfoirgneamh oifigí na Comhairle don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 ná 65,651 M. Watt.

## 25 Faomhadh ar Ráitis Airgeadais

D'fhaomhaigh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an 9ú Meitheamh 2011.